Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Scrúdú na hArdteistiméireachta
Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Cuid I
Tá trí chuid sa trial seo: Cuid A, Cuid B agus Cuid C. Tá na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le gach ceann de na trí chuid sin clóbhuailte ar do scrúdpháipéar.

Cuid A

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

Fógra a hAon

Seo fógra ón iris Beo Sa Rang. Cuirfidh an iris Beo Sa Rang comórtas scríbhneoireachta do scoláirí dara leibhéal ar siúl i mí an Mhárta. Le cur isteach ar an gcomórtas seo caithfidh na scoláirí gearrscéal a scríobh. Ní mór an gearrscéal a bheith i nGaeilge, a bheith nua-chumtha agus oiriúnach do dhéagóirí. Is é míle focal an líon focal is airde atá ceadaithe sa ghearrscéal. Is é Gael Linn a bheidh ag déanamh urraíochta ar an gcomórtas. Geobhfaidh an buaiteoir duais €200. Tá gach eolas faoin gcomórtas seo le fáil ach ríomhphost a chuir chuig eolas@beosarang.ie. Is é an 28ú de mhí an Mhárta an dáta deireanach le haghaidh na n-iontrálacha.

Fógra a Dó

Seo fógra ó Raidió na Life. Cuirfear tús le clár nua ceoil ar Raidió na Life Dé hAoine seo chugainn. Cas Amhrán an t-ainm a bheidh ar an gclár nua. Beidh an clár nua seo díríthe ar dhaoine óga a bhfuil suim acu i ngach saghas ceoil. Beidh an clár nua seo ar siúl ar leathuair tar éis a seacht. Ar an gclár casfar ceol tradisiúnta, ceol rince agus snagcheol. Chomh maith leis sin tiocfaidh aíonna speisialta isteach sa stiúideó agus beidh plé ann ar fhéilte ceoil, ar réaltaí móra ceoil agus ar amhráin nua a bheidh tagtha ar an margadh. Beidh comórtais rialta ar an gclár freisin agus beidh duaiseanna breátha le buachan. Ar na duaiseanna a bheidh le buachan beidh ticéid chuig ceolchoirmeacha agus t-léinte.

Cuid B

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

Comhrá a hAon

Áine: Haigh a Sheáin. Cad é mar atá ag éirí leat leis an staidéar don Ardteistiméireacht?

Seán: Tá mé tuirseach, a Áine. Chaith mé an deireadh seachtaine ar fad ag staidéar. Tá sé deacair a chreidiúint go bhfuil deireadh ag teacht lenár laethanta sa mheánscoil, a Áine.

Áine: Tá cinnte. D'imigh na blianta go tapaidh, a Sheáin. Bhain mé an-sult as mo chuid laethanta scoile anseo i bPobalscoil an Ghleanna. Bhain mé fhéin tairbhe as an idirbhliain go háirithe. Rinne muid tionscadal eolaíochta agus cúrsa ríomhaireachta. Chomh maith leis sin rinne mé taithí oibre le tréidlia. An mbeidh cumha ort i ndiaidh na meánscoile, a Sheáin?

Seán: Beidh gan dabht, a Áine. Tá cairde buana agam anseo. Is iomaí deis iontach a fuair mé ar an mheánscoil. Bhí mé ar fhoireann díospóireachta na scoile a bhuaigh craobh na hÉireann nuair a bhí mé sa chúigiú bliain. Anois agus mé sa séú bliain tá mé i mo chathaoirleach ar chomhairle na mac léinn.

Áine: Cén chéad rogha atá agat ar fhoirm an CAO, a Sheáin?

Seán: Is é an dlí i gColáiste na Tríonóide an chéad rogha atá agam ar fhoirm an CAO. Tá 589 pointe ag teastáil don chúrsa sin. Agus tusa, a Áine, cén rud ba mhaith leat a dhéanamh?

Áine: Ba mhaith liom cúrsa céime a dhéanamh san eolaíocht talmhaíochta i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath.

Seán: Beidh an cúrsa sin fóirsteanach duitse, a Áine. Tá an-suim agat sna hábhair eolaíochta.

Áine: Tá cinnte, ach mothaím faoi bhrú faoi láthair ag na scrúduithe agus ag córas na bpointí. Is fada liom go mbeidh an Ardteistiméireacht thart.

Seán: Níl fágtha againn ach cúpla seachtain anois, a Áine. Beidh seans againn ár scíth a ligean ansin agus taitneamh a bhaint as an tsaoire. An bhfuil aon phleananna agat don samhradh, a Áine?

Áine: Bhuel beidh mé ag iarraidh post páirtaimseartha a fháil, a Sheáin. Tá imní orm go n-ardófar na táillí ollscoile agus costas an lóistín.

Seán: Slán, a Áine. Go n-éirí leat le do chuid staidéir.

Comhrá a Dó

Síle: Nach deas an rothar atá agat, a Eoin. Cén uair a fuair tú é?

Eoin: Fuair mé an rothar seo do mo bhreithlá anuraidh, a Shíle.

Síle: An bhfuil tú i do bhall de chlub rothaíochta?

Eoin: Ó tá cinnte. Is ball den chlub rothaíochta anseo i mBaile an Róba mé. Bunaíodh an club an samhradh seo caite. Tá 200 ball sa chlub anois, idir óg agus aosta.

Síle: An minic a théann tú amach ag rothaíocht, a Eoin?

Eoin: Bhuel buaileann baill an chlub le chéile ag an gclubtheach maidin Dé Domhnaigh ar a deich a chlog agus téimid ar chúrsa rothaíochta caoga ciliméadar gach Domhnach.

Síle: Caithfidh sé go bhfuil tú an-aclaí, a Eoin.

Eoin: Tá go deimhin, a Shíle. Bainimse an-tairbhe as an rothaíocht. Déanaim dearmad ar mo thrioblóidí agus mé amuigh ar mo rothar. Coimeádann an rothaíocht folláin mé.

Síle: Bhuel mar is eol duit, a Eoin, taitníonn an galf go mór liomsa. Is aoibhinn liom a bheith amuigh faoin aer ar an ngalfchúrsa. Is breá liom páirt a ghlacadh i gcomórtais idir chlubanna. Tá súil agam imirt ar son na hÉireann amach anseo.

Eoin: Agus, a Shíle, nach bhfuil eiseamláir iontach agat sa ghalfaire Leona Maguire, an chéad bhean Éireannach riamh a bhuaigh comórtas de chuid Cumann na mBanghalfairí Gairmiúla le déanaí.

Síle: Aontaím go hiomlán leat, a Eoin. Spreagfar níos mó cailíní óga chun galf a imirt de bharr ghaiscí Leona.

Eoin: Tá a lán clubanna gailf ag iarraidh cailíní óga a mhealladh chun triail a bhaint as an gcluiche anois.

Síle: Tá cinnte, ach is deacair iad a mhealladh mar is spórt aonair é agus tógann babhta gailf a lán ama. Chomh maith leis sin bíonn costais arda ag baint leis an bhfearas gailf.

Eoin: Ar mhaith leat féin a bheith i do ghalfaire gairmiúil?

Síle: Ba bhreá liom. Ach ar dtús ba mhaith liom scoláireacht ghailf a fháil chuig ollscoil sna Stáit Aontaithe nuair a bheidh an Ardteistiméireacht déanta agam. Chabhródh an scoláireacht liom barr feabhais a chur ar mo chuid scileanna gailf agus bíonn cóitseálaithe den scoth ar fáil sna hollscoileanna sin.

Eoin: Tá súil agam go mbeidh tú i do laoch gailf amach anseo, a Shíle

Cuid C

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

Píosa a hAon

Is údar imní dúinn go léir an t-athrú ar an pátrúin aimsire sa tír seo le blianta beaga anuas. Sa gheimhreadh titeann níos mó báistí anois agus bíonn níos mó droch stoirmeacha ann. Bíonn an aimsir níos teo agus níos tirime sa samhradh. Is é an t-ardú ar mheánteocht an domhain is cúis leis an athrú aeráide. Is í an dé-ocsaíd charbóin an gás is mó tionchar ar an athrú aeráide. Scaoiltear a lán dé-ocsaíde charbóin san atmaisféar nuair a dhóitear breoslaí iontaise. Sa tír seo dóitear breoslaí iontaise mar ghás, ghual agus ola sna tithe agus bíonn peitreal, díosail agus gás in úsáid i bhfeithiclí. Nuair a scaoiltear an dé-ocsaíd charbóin san atmaisféar déantar dochar don atmaisféar agus cuirtear le teocht an domhain. Tá an rialtas ag moladh dúinn foinsí fuinnimh inathnuaite a úsáid agus feithiclí leictreacha a cheannach.

Píosa a Dó

Chuaigh Joe Biden in oifig mar uachtarán ar Stáit Aontaithe Mheiriceá i mí Eanáir 2021. Leag an t-uachtarán nua amach a phleananna dá uachtaránacht agus é ag déanamh a chéad óráide in Washington. Dúirt an tUachtarán Biden go bhfuil sé ag iarraidh aontacht a chur chun cinn i measc phobal na Stáit Aontaithe agus tír a chothú ina mbeidh meas ar gach duine. Dúirt sé go raibh go leor dúshláin le sárú ag Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ina measc sin tá géarchéim shláinte, ciníochas, cúrsaí aeráide, cúrsaí inimirce agus cúlú eacnamaíochta. D'impigh sé ar dhaoine oibriú as lámha a chéile leis na dúshláin seo a shárú. Is Gael-Mheiriceánach é an tUachtarán Biden. Tháinig a shinsear go Meiriceá as Co. Mhaigh Eo agus as Co. Lú.